# TUARASCÁIL AN TSAINGHRÚPA CHOMHAIRLIGH AR AN MBULAÍOCHT SAN IONAD OIBRE

## CLÁR Lch.


**RÉAMHRÁ**
Ráiteas an Chathaoirligh 3
Téarmaí Tagartha 3
Comhthéacs na Tuarascála 2001 4
Prionsabail 4
Modus Operandi an Athbhreithnithe 4

**COIMRIÚ FEIDHMITHEACH**
Ceisteanna maidir leis an Staid Reatha 6
Moltaí 6
Éifeacht 7

**MEASÚNÚ AR AN STAID REATHA**
Sainmhíniú ar an mbulaíocht san ionad oibre 8
Réimse na faidhbe 8
Ceisteanna faoi bhealaigh atá ann faoi lathair chun deileáil le bulaíocht san ionad oibre 9
Léiriú ar an gcleachtas agus taighde idirnáisiúnta is fearr 11

**MOLTAÍ**
Creatlach dhlíthiúil agus freagairt an Stáit 15
Samhail de Mhodh Oibre le haghaidh Idirghabháil 16
Gnéithe den tsamhail 17
Beartais Choisctheacha 18
Beartais Leasúcháin 18
Moladh Breise 19

**ÉIFEACHT NA MOLTAÍ** 20

**STRUS SAN IONAD OIBRE**
An pháirt a n-imríonn an bhulaíocht i strus san ionad oibre 21
Moltaí ar chosc a chur leis an strus 22

**AIPINDIC A - SAMHAIL DE MHODH OIBRE** 23

**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH**

Is toradh é an doiciméad seo ar mhachnaimh an tsainghrúpa chomharlaigh ar an mbulaíocht san ionad oibre a bhunaigh an tAire Gnóthaí Saothair a bhí i gceannas ag an am, an tUasal Frank Fahey,T.D., i Meán Fomhair, 2004. Thionól an Grúpa 12 lánsheisiúin ag tosnú ar an 16ú Meán Fomhair, 2004.

B'iad baill an Ghrúpa ná:

**Cathaoirleach:** Mr Paul J Farrell, Comhpháirtí Seirbhísí Comhairleacha Gnó, IBM Ireland

**Baill:**

Mr. Brian Montague, Stiúrthóir Grúpa Acmhainní Daonna, Eircom Ltd
Ms Maura Harte, Bainisteoir Tacaíochta Fostaithe, Roinn HR, Bord Sláinte an Iarthair
Mr Jarlath McInerney, Aturnae
An tOllamh Mona O'Moore, Ionad Frithbhulaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

| | |
|---|---|
| Ms Barbara Cashen | Udarás Comhionnanais |
| Ms Marie Corcoran | Comhairleoir HR |
| Mr Kevin Walsh (éirithe as) | Ceann Chaidrimh Fostaithe Diageo Ireland |
| Ms Marie Rock | Ball Boird Udarás Sábháilteachta agus Sláinte |
| Ms Louise O'Donnell | Ball Boird Údarás Sábháilteachta agus Sláinte |
| Mr Fergus Whelan | Oifigeach Tionsclaíoch, Comhdháil Ēireannach na gCeardchumann |
| Mr Peter Flood | Stiúrthóir Cúnta Pholasaí Sóisialta, IBEC |
| Ms Patricia Murray | Siceolaí Eagraíoch/Cigire, Údarás Sábháilteachta agus Sláinte |
| Mr Seamus Doherty | Coimisiún Um Caidrimh Oibreachais |
| Ms Lucy Fallon-Byrne | Ionad Náisiúnta um Comhphairtíocht agus Feidhmiú |
| Mr Martin Lynch | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |

B'é Rúnaí ar an nGrúpa ná Sinéad Quinn, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Ba mhaith liom, mar Chathaoirleach ar an nGrúpa, mo bhuíochas a ghabháil le baill go léir an Ghrúpa a d'oibrigh go díograiseach agus go héifeachtach chun Tuarascáil a chur i gcrích taobh istigh de theorainní ama a bhí an dúshlánach. Toisc gur chuir na baill tuairimí a n-eagraíochtaí féin in iúl go glinn agus go háititheach, forálann an sprid comhoibriú agus comhréitigh a thaispeáin na páirtithe go léir samhail le haghaidh machnamh den tsaghas seo as seo amach.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas agus buíochas an Ghrúpa a leathnú le Sinéad Quinn, a thug tacaíocht fhíorluachmhar dár gcuid oibre, mar Rúnaí ar an nGrúpa.

**Téarmaí Tagartha**

B'iad Téarmaí Tagartha an Ghrúpa comhairle a thabhairt don Aire agus tuairisciú leis taobh istigh de 3 mhí ar:

Éifeachtacht forálacha a bhaineann le cosc a chur le bulaíocht san ionad oibre.

Feabhsaithe i ngnásanna a aithint; agus Conas aghaidh a thabhairt ar an bpáirt a bhíonn ag an mbulaíocht ar tharlúintí struis san áit oibre.

**Comhthéacs na Tuarascála 2001.**

Thóg an Grúpa obair an Tascfhórsa 2001 mar bhunús dóibh féin ar chosc na bulaíochta san áit oibre (dar dtagrófar mar an Tuarascáil 2001 as seo amach). Níor iarramar an taighde ná comhthéacs dlíthiúil obair na Tuarascála 2001 a athscrúdú, ach i gcomhthéacs na dtéarmaí tagartha, dhíríomar ar an slí a thaispeáin an taithí san idirlinn na laigí sna himeachtaí láithreacha do dhúshlán na bulaíochta san ionad oibre.

Scrúdaíodh ceist choimisiúnú mionshuirbhé staitisticiúil amhail Tuarascáil 2001.
Fuarthas go mbeadh sé dodhéanta Tuarascáil den tsaghas sin a chríochnú taobh istigh de theorainní ama an athbhreithnithe seo. Creidtear, áfach,nár tharraing sin amhras ar bhailíocht na moltaí.

**Prionsabail**

- I rith machnamh an Ghrúpa tháinig roinnt phríomhphrionsabail chun solais a chuir lenár gconclúidí agus lenár moltaí. Is iad seo a leanas:

- Ní féidir glacadh le bulaíocht san ionad oibre in aon chúinse agus dá bhrí sin, leagtar amach inár moltaí go gcuirfear taca faoi seo;

- Is í freagracht na bainistíochta ná bainistiú.

- Ní foláir go réiteofar conspóidí ag leibhéal an ionaid oibre;

- Sa chás go dteipfear ar chonspóid a réiteach ag leibhéal an ionaid oibre is gá go mbeidh próiseas neamhspleách réitithe i réim.

- Ba chóir freagra céimiúil, le céimeanna soiléire, a úsáid i ngach cúinse. Ba chóir é a chur i gcrích go tráthúil, le béim ar comhréiteach a shroichint, le síocháin a athchruthú san ionad oibre agus beartas ceartúcháin le haghaidh iompair sa todhchaí; agus chomh maith le héifeacht dhiúltach na bulaíochta agus ar indibhiúdalaigh, tá fianaise mhéadaithe ann le cur in iúl gur ualach trom ar an eacnamaíocht í an bhulaíocht. Agus Éireann ag athrú go heacnamaíocht eolais, atá ag brath de shíor ar acmhainní nuálaíocha agus cruthaitheacha a oibrithe go léir, is dona an scéal é seo.

**Modus Operandi an Athbhreithnithe**

Iarradh ar an nGrúpa a chuid machnamh a stiúrú agus tuarascáil a ullmhú taobh istigh d'am an teoranta. Bhí an tuarascáil le díriú ar mholtaí praiticiúla le aghaidh a thabhairt ar laigí aitheanta sa stádas reatha. Cé gur chríochnaigh an grúpa a chruinnithe taobh istigh de theorainní ama de thrí mhí, theastaigh comhairle leanúnach fhairsing leis an dtuarascáil a dhréachtadh agus fadaíodh ar an am a bhí ann leis an tuarascáil a chur i gcrích.

Rinne an grúpa machnamh fada ar shamhail oibre cuí chun a théarmaí tagartha a chur de taobh istigh den scála ama a ceadaíodh dó. Roghnaíodh Samhail a bhí bunaithe ar:

- Cruinnithe go minic – 12 – san iomlán - le hathbhreithniú idir chruinnithe;

- Ábhar saineolach a thug na sainolaithe agus na heagraíochtaí a raibh ionadaithe acu ag an ngrúpa;

- Taighde seachtrach a fuarthas arís ó na heagraíochtaí a raibh ionadaithe acu sa ghrúpa; agus

- Eolas agus taithí na gcleachtóirí a bhí ina mbaill den ghrúpa ar an ábhar.

Cuireadh méid áirithe áiteamh gan iarraidh chuig an Grúpa chomh maith le líon mór cásanna ionadaíocha a chuir indibhidiúlaigh chuige. Léadh na háitimh agus cuireadh isteach iad i machnaimh an Ghrúpa i rith an chleachtaidh. Ní raibh sé indéanta cleachtadh leathan comhairle a thabhairt faoi san am  a bhí ann, ná áitimh phoiblí a lorg. Creidtear gur chuir ábhar saineolach an ghrúpa, taighde seachtrach agus machnamh ar na háitimh a fuarthas, ar chumas an Ghrúpa dul chun cinn tábhachtach a bhaint amach.

## Coimriú Feidhmitheach

## Ceisteanna maidir leis an staid reatha

***Is fíorfhadhb í an bhulaíocht nach dtugtar aghaidh uirthi trí na cleachtais reatha***

Dheimhnigh an Grúpa:

Gur fadhb atá ag méadú í fadhb na bulaíochta san ionad oibre. Ní féidir a thaispeáint go soiléir an méadú ar tharlúint na bulaíochta nó an aithne mhéadaithe nach féidir glacadh le hiompraíocht na bulaíochta is bun leis seo. Ach is é an dála céanna é an toradh deireannach, áfach – méadú ar líon na ngearán, leibhéil níos airde de strus san ionad oibre, níos mó frustrachais go bhfuil easpa meán foirmeáilte le gearáin den tsaghas seo a réiteach agus ualach méadaithe ar na páirtithe go léir aighnis a réiteach.

- Ní caidrimh thionsclaíocha "normálta" í fadhb na bulaíochta.
- Ní leor na beartais atá ann chun dul i ngleic leis an bhfadhb.
- Tá freagracht ar dhul i ngleic leis an bhfadhb scaipthe agus dá bhrí sin, bhí an freagra uirthi bocht.
- Tá éifeacht na bulaíochta ar an duine chomh láidir go bhfuil gá, ar thaobh fostóirí agus an Stáit, le beartas láidir.

**Moltaí**

Tá moltaí áirithe curtha le chéile ag an nGrúpa chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na bulaíochta san ionad oibre. Is í aidhm na moltaí ná tarlúintí speicificiúla de bhulaíocht san ionad oibre a chosc. Níl d'aidhm acu áit na modhanna atá ann a thógáil, sa mhéid gur féidir le daoine, mar shampla, cás le haghaidh dífhostú inchiallaithe a chur faoi bhráid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, ag rá go bhfuil an bhulaíocht ina **contributory factor**. Is iad na príomhmholtaí ná:

Ba chóir don Ráiteas Sábháilteachta an bhulaíocht a áireamh mar bhaol chomh maith le polasaithe agus beartais leis an mbaol sin a laghdú a bheith sainordaithe i Ráiteas Sábháilteachta gach fostóra. Is iad na príomhmholtaí ná:

***Tá ár bhfreagra molta pragmatach díreach, agus má chuirtear i bhfeidhm i gceart é, beidh sé éifeachtach.***

- Ba chóir go mbeadh sé éigeantach go dtógfaí san áireamh i Ráiteas Sábháilteachta gach fostóra gur priacal í an bhulaíocht chomh maith le polasaithe agus gnásanna leis an bpriacal sin a mhaolú. Beidh an fhreagracht ar anúdarás Sábháilteachta agus Sláinte a chinntiú go gcuirfear é seo i bhfeidhm.
- Ba chóir samhail fhoirmeálta leis an mbulaíocht a láimhseáil a fhoilsiú le treoir a thabhairt d'fhostóirí chun cabhrú leo agus iad ag réiteach aighneas san ionad oibre, agus ba chóir é a leanúint le haghaidh cásanna a cuirtear lasmuigh den ionad oibre.
- Ba chóir don Choimisiún Um Caidrimh Oibreachais a bheith ina heagraíocht aonair a bheidh freagrach as bainistiú líomhaintí speicificiúla de bhulaíocht.
- Beidh an Binse Achomhairc Fostaíochta nó an Chúirt Oibreachais ina chúirt achomhairc le haghaidh cinneadh na gCoimisinéirí Um Cearta.

- Spreagfaidh agus cothóidh an Coimisiún Um Caidrimh Oibreachais a mhalairt de réiteach ar aighnis mar gurb é sin an bealach is fearr le tabhairt faoi tharlúintí bulaíochta. Cuirfidh an Coimisiún acmhainní ar fáil dá chuid foirne agus dáilfidh sé an fhreagracht is cuí.

- Beidh cinnidh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta inreachtach agus infheidhmithe trí na cúirteanna.

Ní thacaíonn IBEC leis an tuairim gur cóir do chinnidh 3ú páirtí maidir le breithiúnas a thabhairt ar chásanna bulaíochta a bheith curtha i bhfeidhm go dlíthiúil. De bhreis air sin, cuireann IBEC i gcoinne na tuairime go mbeidh sé mar riachtanas go mbeidh ráiteas i gcoinne na bulaíochta mar chuid de Ráiteas Sábháilteachta gach fostóra.

Tá mionsonraí na moltaí seo agus  fomholtaí eile tógtha san áireamh níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.

***ÉIFEACHT***

***Ba chóir go mbraithfí éifeacht na moltaí go tapaidh, ach ba chóir iad a mheas ar bhonn leanúnach.***

Tá an grúpa den tuairim gurb é a bheidh mar éifeacht ag na moltaí seo ná:
Feabhas substainitúil sa bhfreagra náisiúnta iomlán ar fhadhb na bulaíochta san ionad oibre.

Soiléireacht ar an bpróiseas réitigh le haghaidh íospartach.

- Trédhearcacht an phróisis;

- Tráthúlacht

- Céatadán níos aired de na cásanna  a bheith réitithe gan dul i mbun próiseas naimhdeach

- Leibhéil níos airde de chríochnúlacht luath;

- Níos lú tráma le haghaidh íospartach;

- Sonraí soiléire agus inchúisithe ar an treo agus ar na patrúin i mbulaíocht san ionad oibre.

***Tá gá le reachtaíocht nua.***

Creideann an grúpa go bhfuil gá le reachtaíocht nua chun éifeacht a thabhairt do chur i bhfeidhm a mholtaí.

## MEASÚNÚ AR AN STAID REATHA

Sainmhíniú ar bhulaíocht san ionad oibre.

Thug an Tascfhórsa 2001 an sainmhíniú seo a leanas:

***Tá an sainmhíniú ar an mbulaíocht conspóideach. Is freagra pragmatach é an sainmhíniú roghnaithe***

*"Is é atá sa bhulaíocht san ionad oibre ná an bealach míoiriúnach a iompraíonn duine nó daoine é/iad féin i leith duine eile nó daoine eile go mion minic, bíodh sé díreach nó indíreach, bíodh sé de bhéal, go fisiciúil, nó eile, san ionad oibre, agus/nó i rith fostaíochta, a d'fhéadfaí a thuiscint as go mbaineann sé bonn ó cheart an duine le dínit ina chuid oibre.*

*Is féidir gur maslú é don dínit san obair tarlúint aonair den mhíiompraíocht ar a cuireadh síos thuas, ach mar eachtra nár tharla ach uair amháin, ní dhéarfaí gur bulaíocht é".*

Taispeánadh éagsúlacht na dtuairimí tríd an Eoraip ar an sainmhíniú ar bhulaíocht san ionad oibre sa ghrúpa freisin. Tá an sainmhíniú, mar a thaispeánann an taighde thíos, ag forású. De bhrí nár sroicheadh aon chomhaontú, chinn an grúpa glacadh leis an sainmhíniú sa Tuarascáil 2001 mar shainmhíniú le haghaidh na Tuarascála seo. Tá sé tábhachtach go ndéanfar athbhreithniú i gcomhpháirt leis na Comhpháirtithe Sóisialta i gcomhthéacs an taighde seo sula gcuirfear aon sainmhíniú sa reachtaíocht.

Réimse faidhbe na bulaíochta san ionad oibre.

***Tá réimse na faidhbe níos leithne ná mar a ghlacann tráchtairí leis. Is fadhb ilghnéitheach í agus ní féidir í a réiteach le luas.***

Is fadhb í an bhulaíocht san ionad oibre a d'fhéadfadh drochéifeachtaí a bheith aici ar an íospartach líomhanta agus ar an bhfostóir. Maidir leis an íospartach is iad na héifeachtaí is sainiúla ná strus, drochshláinte, táirgíocht íseal ,agus deacrachtaí lena shlí bheatha.
Maidir leis an bhfostóir, is iad na drochéifeachtaí a bheadh ann ná ionad oibre atá ó mhaith, lagmhisneach, fadhbanna le caidrimh thionsclaíocha agus dul chun dlí**.**

Caithfear glacadh leis seo: Cé go bhfuil eilimintí subiachtúla a ghabhann leis an mothú go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine, ní bunús ceart é seo le go dteipfear ar aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb, bíodh sé ag leibhéal an ionad oibre nó ag leibhéal an Stáit.
Tá sé tábhachtach go dtuigtear deacracht fadhb na bulaíochta san ionad oibre. Ní hé gur fadhb í a bhaineann le fostóir agus fostaí sa bhrí go bhfuil bulaíocht á déanamh ag an bhfostóir ar fhostaí. Tógann sé a lán foirmeacha mar leanas:

- Bainisteoir i leith fostaí
- Fostaí i leith bainisteoir
- Fostaí i leith fostaí ( nó fostaithe i leith fostaithe eile)
- Custaiméar i leith fostaí
- Fostaí i leith custaiméar

Ta sé tábhachtach glacadh leis, chomh fada is a fhéachtar uirthi mar cheist Shábháilteachta agus Sláinte - go bhfuil an fhadhb neamhchosúil le haon bhaol eile a bhíonn san ionad oibre i ngné thábhachtach amháin – go bhfuil cearta bunúsacha dlíthiúla agus daonna ag an mbulaí líomhanta. Is é seo croílár na faidhbe agus fadhb na bulaíochta san ionad oibre á leigheas mar phríomhfhreagracht ag an Udarás Sábháilteachta agus Sláinte faoi láthair.

Cé go raibh easpa fianaise coincréidigh ag an ngrúpa le moltaí a dhéanamh, tá sé soiléir ó thaithí na rannpháirtithe go dtaispeánann an tionscail, ethos proifisiúnta agus samhail traenála ( a bhfuil páirt acu go léir i ndéanamh cultúir san ionad oibre) go bhfuil éagsúlachtaí tábhachtacha maidir le bulaíocht san ionad oibre.

***Ba chóir don Stát taghde a údarú le tarlúint na bulaíochta a dhearbhú***

Bhí bac ar an ngrúpa, áfach, agus iad ag iarraidh scála na faidhbe a chinntiú, de bharr ganntanas sonraí staitisticiúla iontaofa ar tharlúint na bulaíochta san ionad oibre. Is é príomhfhoinse an eolais atá ann go dtí seo ná an suirbhé náisiúnta a rinne an t-Ionad Frith-bhulaíochta (O'Moore, 2000). Is é an t-Údarás Sábháilteachta agus Sláinte an t-aon eagraíocht stáit a choimeádann sonraí atá fairsing a bhfuil fáil orthu ar na cásanna a cuirtear faoina bhráid. Tá na sonraí seo neamhchríochnúil, áfach, sa mhéid go dtagraíonn siad do chúiseanna a tuairiscíodh don Ionad Frith-bhulaíochta san Údarás agus nach gcoimeádann said tuairisc chríochnúil des na cásanna a réitíodh.

Tá sé soiléir freisin go bhfuil páirt le n-imirt ag an gcultúr atá ann san ionad oibre ar tharlúint na bulaíochta agus molaimid go láidir go gcuirfeadh an Stát tús le taighde  a dhéanfadh suirbhéireacht ar tharlúint na bulaíochta ag tionscail agus grúpáil thionsclaíoch.

**Ceisteanna maidir le bealaigh atá ann faoi láthair chun deileáil le bulaíocht san ionad oibre.**

***Níl na gnásanna reatha éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar tharlúintí nó líomhaintí den bhulaíocht***

D'aithin an Grúpa réimse leathan ceisteanna san athbhreithniú ar an staid  reatha maidir le bulaíocht san ionad oibre. Nascadh le chéile iad seo le ceisteanna a d'aithin eagraíochtaí eile agus in áitimh a fuarthas. Cuireadh iad seo i dtrí chatagóir:

- Ceisteanna Ginearálta (eagraíochtaí san áireamh)
- Ceisteanna Aitheantais
- Ceisteanna Reachtúla

Níl na ceisteanna údarásach, agus ní gá go n- aontaíonn na páirtithe go léir leo.

**Ceisteanna Ginearálta**

- Bhraith an grúpa easpa soiléireachta ar bhealaigh le próiseáil gearán in a lán áiteanna fostaíochta.

- Tá easpa soiléireachta faoi lathair maidir le struchtúir, róil agus freagrachtaí maidir leis an ábhar;

- Is féidir leis an téarma "go minic" a bheith ina bhac ar dhaoine ar ghearáin a dhéanamh sa chéad áit;

- Is gá freastal ar eachtraí bulaíochta nach dtarlaíonn ach uair amháin;

- Níl ag éirí go rómhaith leis na bealaigh atá ann faoi láthair cosc a chur leis an mbulaíocht;

- Is gá cearta trí pháirtí a thógáil san áireamh in aon chur chuige; an fostóir, an t-íospartach líomhanta agus an bulaí líomhanta.

- Níl aon ról cinnte reachtúil ag an gCoimisiún um Caidrimh Oibreachais maidir le bulaíocht seachas an ceann atá leagtha amach san Acht 1990 a leagann amach ról an Choimisiúin in aighnis mar atá sainmhínithe i Rann 8;

- Níl aon fháil foirmeálta ag líon mór fostaithe sa Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí faoi láthair ar sheirbhísí an Choimisiúin Um Caidrimh Oibreachais;

- Níl fiosrú foirmiúil ann mar mheán a thugann aghaidh ar aighnis maidir le bulaíocht;

- Níl an idirghabháil in úsáid ag an gCoimisiún Um Caidirimh Oibreachais mar mheán speicificiúil ar réiteach fadhbhanna bulaíochta;

- Más i gcoinne bainisteora atá an gearán nó úinéara comhlachta, is féidir leis/léi é/í féin a fhiosrú. Is cóir go mbeadh foráil le nósanna laistigh den ionad oibre do chabhair ó lasmuigh;

- Ní féidir lena lán ionad oibre freastal ar fheidhmiú réiteach idirghabhála de bharr a gcuid timpeallachta; agus

- Bíonn an eagla ann go minic go dtarlódh bulaíocht má thugann comhleacaí tacaíocht do chomhleacaí eile ina ghearán.

**Ceisteanna Aitheantais**

- Tá easpa acmhainní comhairle/eolais atá dírithe agus leanúnach d'íospartaí líomhanta agus ganntanas acmhainní tríú pháirtí a mbeadh cistithe (nó dearbhaithe) ón stát maidir le hidirghabháil;

- Tá fíorghanntanas de shonraí staitisticiúla atá iontaofa maidir leis an ábhar. Luíonn sé le ganntanas de shonraí staitisticiúla atá iontaofa maidir le gníomhaíochtaí san ionad oibre agus maidir le hiompraíocht; agus

- Ní leagtar béim ar chosc na bulaíochta san ionad oibre.

**Ceisteanna Reachtúla**

Tháinig roinnt laigí sa chreatlach seo chun solais sna blianta idir eatarthu.

***Níl samhail fhairsing Stáit le deileáil le bulaíocht san ionad oibre***

- Níl aon eagraíocht stáit faoi láthair go bhféadfadh duine neamhspleách i ról leathdhlíthiúil cásanna a chloisteáil agus na páirtithe a bheith fós fostaithe. Freisin, níl aon eagraíocht stáit a d'fhéadfadh fostaithe fáil uirthi agus go mbeadh na torthaí infheidhmithe agus reachtach ar na páirtithe go léir;

- Tá an ról lárnach ag an Údarás Sábháilteachta agus Sláinte i gcomhordú an fhreagra ón stát mar atá molta sa Tuarascáil 2001. Níl aon chreatlach dhlíthiúil ag an Údarás áfach le breithiúnas a thabhairt ar chásanna bulaíochta agus ní sholáthraíonn sé cúiteamh don duine. Tá cúiteamh ag an duine má éilíonn sé go bhfuil sé faoi strus agus má éilíonn sé gortú don tsláinte tríd an dlí choiteann ach is féidir leis seo bheith costasach agus goilliúnach.

- Ní thugtar aghaidh go fairsing ar an mbulaíocht i Ráitis Shábháilteachta fostóirí, má dhéantar ar chor ar bith é;

- Níl aon éifeacht reachtúil ag an Chairt chun na Dínite san ionad oibre;

- Níl na cóid chleachtais infheidhmithe go dlíthiúil cé gur féidir go mbeidh aon teip ar choimhoibriú leo a bheith inghlactha mar fhianaise i gcás Cúirte Shibhialta os comhair na Cúirte Oibreachais nó an Bhinse Achomhairc Fostaíochta;

- Ní thugann an reachtaíocht atá ann faoi láthair aghaidh ar an mbulaíocht;

- Níl fáil ag roinnt chatagóirí d'fhostóirí agus d'fhostaithe ar an gCúirt Oibreachais ná ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

- Níl ról reachtúil speicificúil ag an gCoimisiún Um Caidrimh Oibreachais, an Binse Achomhairc Fostaíochta ná ag an gCúirt Oibreachais maidir le hidirghabháil, iniúchadh nó breithiúnas ar an mbulaíocht, seachas i gcás an Choimisiúin um Caidrimh Oibreachais san áit go gcuirtear gearáin ar aghaidh chuige faoin Acht 1990.

Tógadh na ceisteanna go léir seo san áireamh agus na moltaí atá luaite sa rann a leanas den Tuarascáil seo á bhforbairt

**Cleachtas Is fearr agus Forbairtí Idirnáisiúnta**

Chomh maith le scrúdú na gceisteanna thuas, rinne an Grúpa machnamh ar an gcleachtas agus ar an dtaighde idirnáisiúnta is fearr ar ábhar na bulaíochta san ionad oibre. Tógadh na torthaí ba shainiúla isteach inár machnaimh agus déantar coimriú orthu thíos. Tá an taighde uile-Eorpach agus cuireann sé ar fáil tuairim des na patrúin agus den chleachtas is fearr. Ní bhaineann an taighde le hÉireann amháin.

**Taighde Fondúireachta Eorpach**

***Níl aon samhail idirnáisiúnta aonair chruthanta a d'fhéadfadh Éirinn a thógáil mar chlár gabhála le haghaidh fadhb na bulaíochta san ionad oibre.***

Tá Tuarascáil thábhactach thaighde tar éis bheith foilsithe ag an bhFondúireacht Eorpach um Feabhsú ar Choinníollacha Maireachtála agus oibre ar cosc a chur le foréigean agus ciapadh san ionad oibre (Di Martino, Vittorio, Helge Hoel and Cary L. Cooper, 2003). D'éirigh sé as rún na Pairliminte Eorpaigh den 20/09/2001, a chuir béim ar an ngá a bhí ann fadhb mhéadaithe an fhoréigin agus an chiapadh san ionad oibre a fhiosrú agus beartais éifeachtacha a chur ar aghaidh le cosc a chur leis an bhfadhb tríd an Aontas Eorpach.

Tá méadú ar an mbrú atá ar oibrithe in eacnamaíocht dhomhanda ina bhfuil an iomaíocht mhéadaithe le haghaidh scaireanna margaidh agus maireachtáil. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfadh méadú ar an mbrú san ionad oibre as a n-eascródh an strus. Is féidir le foréigean a eascairt freisin as timpeallacht oibre strusmhar. Fuair an Tuarascáil amach gurbh í an bhagairt is mó atá ar oibithe ná foréigean siceolaíoch agus ciapadh, in ionad foréigean fisiciúil. Fuair sé amach freisin go raibh patrún ginearálta méadaithe de chiapadh, ar bhonn cine, gnéis, aoise, agus claonadh gnéis tríd an Aontas Eorpach ina iomláine. (In Éirinn, pléitear leis an bhfadhb seo trí reachtaíocht chomhionnanais agus tá sé taobh amuigh de réimse oibre an Ghrúpa, atá ag díriú ar fhadhb na bulaíochta go ginearálta.)

Cé go raibh difir mhór idir thíortha, léirigh an tuarascáil go raibh dul chun cinn á dhéanamh maidir le hidirghabháil i réimse an bheartais agus i bhforbairt clár idirghabhála. Bhí iarrachtaí ar idirghabháil scaipthe, áfach, agus gan bunús teoiriciúil, ná aon bhealach a gcuid éifeachtúlachta a mheas.

**Ag féachaint chuig Reachtaíocht**

- Fuair taighde na Fondúireachta Eorpaigh amach go bhfuil aghaidh á thabhairt ar fhoréigean san ionad oibre mar leanas:

- Chuir an Bheilg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ísiltír, agus an tSualainn reachtaíocht in áit chun deileáil leis an bhfadhb:

- Lean tíortha mar Éirinn, an Ghearmáin agus an Bhreatain orthu ag baint úsáide as an reachtaíocht shibhialta agus choiriúil atá ann;

- Roghnaigh tíortha mar an Danmhairg, an Lucsamburg, beartais nach raibh aon reachtaíocht mar bhunús acu, mar chóid cleachtais, rialachán agus comhaontaithe comhchoiteanna;

- San Iodáil agus sa Spáinn, theip ar  a lán iarrachtaí reachtú go speicificiúil in aghaidh na bulaíochta, ach bhí aghaidh á thabhairt ar an gceist trí dhlíthe áitiúla, cinnidh chúirte agus comhaontaithe comhchoiteanna;

- Sa Phortaingéil, theip ar dhlí áirithe san Oireachtas, agus san Ostair deineadh athleasú ar reachtaíocht a bhain le sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre  a d'éiligh beartais choisctheacha i dtaobh baoil shiceolaíocha i bfhiontair; agus

- Tugadh isteach le déanaí treoracha EU nua taobh istigh de réimse Airteagail 13 den Chonradh EC, ar ábhair a bhain le comhionnanas (ibid 49-58).

**Conclúidí Taighde**

Léirigh an Tuarascáil gur deineadh i bhfad níos lú iarrachta ar chosc a chur le foréigean siceolaíoch, go háirithe i lár agus i dTuaisceart na hEorpa, cé gur cuireadh i bhfeidhm roinnt tionscnamh le héifeachtaí an fhoréigin a chosc agus a laghdú.

Ní raibh aon chúis creidiúint, áfach, nach mbeadh cur chuige measúnú riosca díreach chomh bainteach le foréigean siceolaíoch agus a bhí ( nuair a cuireadh i bhfeidhm é) ar bhaoil foréigin fhisiciúil). Maidir leis an dá shaghas foréigin, áfach, tá an chosúlacht ann go n-éireoidh go maith le cur chuige a dhíríonn a fhócas ar chosc, ar chosaint agus ar leigheas nuair atá baint ag na fostaithe go léir le gach céim den phróiseas idirghabhála.

Ar deireadh, leag na húdair béim ar an gconclúid go rabhthas i gcoinne na tuairime go ginearálta gurbh é a bhí sa  bhulaíocht (den tsaghas) siceolaíoch, go háirithe nuair ab ionann é agus na téarmaí 'bulaíocht' agus 'mabáil', baol a bhí bainteach le baol san ionad oibre, cosúil le foréigean fisiciúil…..(ibid.88).

**Samhail Eorpach**

Is léir, ó thaighde na Fondúireachta Eorpaigh, nach bhfuil aon samhail aonair Eorpach le cosc a chur leis an mbulaíocht san ionad oibre. Tá freagraí éagsúla forbartha ag na Baill Stáit, agus chuir cuid acu reachtaíocht i bhfeidhm, cuid eile ag baint úsáide as an reachtaíocht atá ann, agus cuid eile arís a bhfuil a gclaonadh i dtreo cóid chleachtais agus comhaontaithe comhchoiteanna

In Éirinn, de thoradh na moltaí sa Tuarascáil 2001, cinneadh go mbainfí úsáid as an reachtaíocht a bhí ann a bhain le sábháilteacht ghairmiúil, sláinte agus leas**,** caidrimh

thionsclaíocha agus comhionnanais. Rinneadh forbairt ar chóid chleachtais faoi na hAchtanna cuí. Thug na Comhpháirtithe Sóisialta tacaíocht do bheartais frith-bhulaíochta agus don Chairt chun na Dínite san Ionad Oibre. Ar deireadh, gan reachtaíocht speicificiúil a chur i bhfeidhm, ghlac Éireann le freagraí a bhí ar comhchéim leo siúd a bhí i bhfeidhm ins na Baill eile Eorpacha ag am an taighde (2002,2003).

**Sainmhíniú na Fondúireachta Eorpaigh Taighdeach ar fhoréigean san ionad oibre agus ar an gciapadh**

- Tá an éagsúlacht gur féidir teacht faoi rúibric ghinearálta de 'foréigean san ionad oibre' chomh leathan, tá an teorainn le hiompair atá inglactha chomh doiléir, agus an tuiscint ar cad is brí le foréigean i gcomhthéacsanna agus i gcultúir dhifriúla chomh héagsúil – gur dúshlán mór é cur síos ar an bhfeiniméan seo. (D. Martino et al 2003, 3)

- Tharla an chéad iarracht shubstaintiúil ar thuiscint ghinearálta a shroichint ag Cruinniú Saineolaithe i mBaile Átha Cliath i mBealtaine 1995, áit gur moladh an sainmhíniú a leanas:

*Nuair a thugtar drochúsáid do dhaoine, nuair a dhéantar bagairt orthu nó iad a ionsaí i gcúinsí a bhaineann lena gcuid oibre agus gur thug dúshlán dearfa nó intuigthe dá gcuid sláinte agus leasa. (ibid. 3)*

Lean an tuarascáil de ar shainmhínithe difriúla d'fhoréigean fisiciúil agus siceolaíoch difriúla a scrúdú. D'fhéadfaí spéis ar leith a chur sa tagairt don sainmhíniú ó 'Tuairim ar an bhForéigean san Ionad Oibre' a ghlac an Coiste Comhairle ar Shábháilteacht , Sláinteachas agus Cosaint Sláinte ag obair den Choimisiún Eorpach a deir go hachomair

Is féidir sainmhíniú ar an bhforéigfean a léiriú mar seo-

*Gur foirm d'iompraíocht dhiúltach é nó beartas sa choibhneas idir bheirt nó níos mó daoine, a bhfuil mar thréithe aige ná ionsaitheacht, uaireanta déanta in athuair, a mbíonn drochéifeachtaí díobhálacha aige ar shábháilteacht, leas agus sláinte fostaithe ag a n-ionad oibre.*

*Is féidir le forrántacht a bheith i bhfoirm chomharthaíocht choirp ag tabhairt le fios scanrú, drochmheas nó an foréigean fisiciúil nó briathartha féin.*

*Tarlaíonn an foréigean ar a lán bealach, ó fhorrántacht fhisiciúil, forrán neamhbhriathartha, bulaíocht, mabáil agus gnéaschiapadh, idirdhealú ar bhonn reiligiúin, cine, míchumais, gnéis, nó an difriúlacht ar aon chúis, agus is féidir é a bhrú ó dhaoine lasmuigh nó laistigh de thimpeallacht oibre.*

*Tá sé tábhachtach cuimhneamh gur féidi leis an bhforéigean fisiciúilr éifeachtaí nach bhfuil fisiciúil amháin ach siceolaíoch freisin, a d'fhéadfadh a bhraith láithreach nó le moill* .(ibid.4).

Dearbhaíonn an sainmhíniú seo tábhacht phráinneach an fhoréigin shiceolaigh ag an ionad oibre agus tugann sé aghaidh ar réimse iompraíochtaí go dtuigtear astu gur bulaíocht atá i gceist. Cuireann sé béim ar an rud gur féidir go ndéanfar athuair é le nó gan coinne, ach ní gá go mbeidh ceachtar den dá rud seo i gceist.

**Fócas ar shraith miontarlúintí**

Cé gur leor eachtra amháin, is minic a tharlaíonn foréigean siceolaíoch arís agus arís eile, nach mbíonn aon chomhalartaíocht i gceist, le gníomhaíocht atá curtha ar an duine**,** gur féidir go

mbeidh éifeachtaí millteacha acu ar an íospartach. Léiríodh sainmhínithe éagsúla sa Tuarascáil a luaigh iompair a tharla arís agus arís eile agus a bhí leanúnach (ibid. 5)

**Comhnascadh den bhulaíocht agus den mhabáil**

Thug an t-idirdhealú a luadh cheana idir bulaíocht (ag tagairt sa chéad áit do chiapadh an duine aonair) agus mabáil ( ag díriú go háirithe ar ciapadh comhchoiteann) tús áite do chomhshamhlú coincheapúil an dá théarma (ibid 6).

**Fócas ar an Dínit**

Léirigh an Tuarascáil go raibh aire á díriú ó réimsí traidisiúnta na sábháilteachta gus an tsláinte chun réimsí na dínite ag obair, cearta daonna agus comharc idirdhealaithe a thógáil san áireamh (ibid5). Tugtar aghaidh ar na réimsí seo go minic (mar in Éirinn) trí reachtaíocht ar leith.

**Ag foghlaim ó Reachtaíocht Chomhionnanais**

Mar a thuig Tuarascáil na Fondúireachta Eorpaigh, dár tagraíodh thuas, tá an fócas ag leathnú amach le féachaint freisin ar réimsí na dínite san ionad oibre, cearta daonna agus cosc ar chiapadh (op. cit.).

In Éirinn, coscann an reachtaíocht chomhionnanais gnéaschiapadh agus ciapadh ar aon cheann des na cúiseanna liostáilte. Is é atá sa chiapadh ná aon saghas iompair a bhaineann le haon cheann des na cúiseanna idirdhealaithe nach bhfuil fáilte roimhe, agus is é atá sa ghnéaschiapadh ná aon saghas iompraíocht bhéil, neamhbhriathartha, nó fisiciúil de nádúr gnéasach nach bhfuil fáilte roimhe, gurbh í atá mar aidhm nó mar éifeacht aige ná éigean a dhéanamh ar dhínit an duine agus timpeallacht a chruthú don duine atá naimhdeach, ísleach, náireach nó tarcaisniúil. Sa dá chás seo, is féidir go dtógtar san áireamh leis an iompraíocht mhíthaitneamhach sin gníomhartha, iarratais, focail labhartha, comharthaí, nó léiriú taispeántas nó ciorcalú focal scríofa, pictiúirí nó aon ábhar eile. Baineadh amach an teist réasúntachta a bhí ann i 1998 le hAchtú na reachtaíochta comhionnanais leasaithe i 2004. Is cosaint fós é le haghaidh an fhostóra a phromhadh gur thóg sé/sí céimeanna indéanta cosc a chur leis an gciapadh nó leis an ngnéaschiapadh agus cosc a chur le caitheamh leis an duine ar bhealach difriúil san ionad oibre nó i rith a chuid fostaíochta agus éifeachtaí an chiapadh a iompú ar ais má tharla. (Achtanna um Comhionnanas Fostaíochta, 1998 agus 2004).

## Moltaí

### Creatlach Reachtúil

Molaimid athraithe i gceithre phríomhréimsí:

- go dtabharfar feidhm reachtaíochta don riachtanas go gcuirfear an bhulaíocht i Ráiteas Sábháilteachta gach fostóra agus go gcuirfear i bhfeidhm beartais agus gnásanna oiriúnacha i ngach ionad oibre;

- Thiocfadh gach fostaí diomaite fostóra nó stádais fostaíochta taobh istigh de chúram na moltaí seo;

- Ba chóir go gcuirfí gach fostaí bíodh sé ina fhostaí buan nó ag obair faoi chonradh seirbhíse, faoi réir ag na beartais agus ag gnásanna na heagraíochta fostaíochta maidir le bulaíocht, agus

- Bheadh cinnidh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta nó na Cúirte Oibreachais i gcásanna bulaíochta ina gceangal agus infheidhmithe tríd na Cúirteanna.

### Freagra an Stáit

***Ba chóir do fhreagra an Stáit ar fhadhb na bulaíochta a fhócas a dhíriú le líntéí freagrachtaí***

Beidh freagracht ar thrí eagraíochtaí maidir le cosc a chur le , agus freagairt a thabhairt ar bhulaíocht san ionad oibre:

- An t-Udarás Sábháilteachta agus Sláinte
- An Coimisiún Um Caidrimh Oibreachais chomh maith le ceart achomharc a chur faoin mBinse Achomhairc Fostaíochta nó faoin Chúirt Oibreachais; agus
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Beidh an t-Údarás Sábháilteachta agus Sláinte freagrach as:

- Cur i bhfeidhm na forála reachtúla go gcloífidh Ráitis Shábháilteachta na bhfostóirí go léir leis na coinníollacha gur gá baol na bulaíochta san ionad oibre a thógáil san áireamh chomh maith le gnásanna chun an baol a mhaolú agus gnásanna láimhseála;

Beidh an Coimisiún Um Caidrimh Thionsclaíocha freagrach as:

- Rogha na hIdirghabhála,  próisis fhiosrú agus mholtacha aitheanta a chur ar fáil mar a léirítear thíos;

- Coimisiúnú suirbhéithe chun leibhéal agus patrún na bulaíochta san ionad oibre a dheimhniú,

- Beartais sa todhchaí a  chomhordú le freagairt a thabhairt d’athraithe i bpatrún na bulaíochta san ionad oibre, agus

- Staitisticí a choimeád agus a scaipeadh ar tharlúint agus réiteach gach triail cháis líomhaintí bulaíochta lena bpléitear.

***Moltar samhail fhoirmeálta, phragmatach sa chéad dul síos ionas gur féidir gearán den bhulaíocht a láimhseáil ar dtús san ionad oibre, agus ní go dtí go dteipeann air seo, a dhéanfaidh an Stát idirghabháil***

Beidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíocht freagrach as:

- Foráil seirbhíse faisnéise (tríd an idirlíon agus áiseanna ionad teileafóin) le cabhair a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe san áit go gcuirfear ar aghaidh líomhain den bhulaíocht san ionad oibre agus deileáil leis: agus

- Comhairle agus ábhar treorach a sholáthar ar chosc na bulaíochta san ionad oibre.

**Samhail chun deileáil le bulaíocht san ionad oibre.**

Scrúdaigh an Grúpa réimse roghanna le haghaidh freagra a thabhairt ar na ceisteanna a aithníodh faoi mheasúnú an staid reatha. Rinneamar machnamh ar shamhailtí a bhí an idirghabhálach go dtí mionleasaithe ar an staid reatha. B'iad an dá shamhail ar a ndearnadh mionscrúdú ná samhail Ombudsman agus samhail a bhí bunaithe ar ról na heagraíochta atá ann faoi láthair a mhéadú.
Tar éis gur pléadh é, beartaíodh ar an dara shamhail a thógáil lena chinntiú go mbeadh laghdú sa deacracht a aithníodh mar laige tábhachtach sa staid reatha. Cé go bhfuil buntáistí ag gabháil le samhail Ombudsman maidir le ról molta éilitheora, creidtear go gcúiteoidh an bhéim a chuireamar ar ról na hidirghabhála i gcomhaontú a shroichint, as seo. Agus an freagra oiriúnach eagraíochta agus reachtaíochta ar na laigí sa chur chuige reatha le freagairt ar líomhaintí bulaíochta san ionad oibre á dhearbhú, chinn an grúpa samhail don 'chleachtas is fearr'. Tá an tsamhail bunaithe ar na trí eilimintí de chosc, idirghabháil agus réiteach. Tá sé roinnte i dhá chéim

(1) Ag leibhéal an ionaid oibre
(2) Ag leibhéal an bhreithniú.

Taispeántar an tsamhail go soiléir in Aipindic A na Tuarascála.

***Ba chóir go n-úsáidfidh fostóirí agus an Stát an tsamhail le freagraí leanúnacha agus comhtháite a scagadh ar líomhantaí bulaíochta***

- Tá an tsamhail déanta suas de chéimeanna comhleanúnacha atá ag éirí níos foirmeálta taobh istigh des na céimeanna seo mar leanas:

- Déanann fostaí nó gníomhaire ag feidhmiú ar son an fhostaí líomhain bulaíochta ;

- Usáideann an fostóir gnásanna inmheánacha le tábhacht agus tromaíocht na líomhantaí a dhearbhú;

- Tugann an fostóir, san áit go n-oireann an cás do réiteach inmheánach, tairiscint de rogha idirghabhála inmheánaigh, ó dhuine atá neamhspleách agus gan claonadh, don ghearánach;

- Níl aon oibleagáid ar an ngearánach agus/nó ar an déantóir líomhanta glacadh le hidirghabháil inmheánach.

- Mura nglactar le hidirghabháil inmheánach, leanfaidh an cás ar aghaidh go fiosrú foirmeálta inmheánach faoi ghnáthghnásanna réiteach aighneas;

- Má tharlaíonn idirghabháil agus má ghlacann na páirtithe leis na moltaí ag an bpointe seo,ansin cuirfear i bhfeidhm iad, agus déanfar athbhreithniú orthu taobh istigh de thréimhse de mhíonna. Má bhí siad éifeachtach, ansin tá an cás réitithe;

- Mura n-aontaítear glacadh leis na moltaí, nó san áit nár cuireadh i bhfeidhm iad/nár éirigh leo, ansin leanann an cás ar aghaidh go fiosrú foirmeálta faoi ghnáthghnásanna an chomhlachta ar aighnis a réiteach;

- Cuirfear torthaí an fhiosraithe síos i ndoiciméad ansin agus cuirfear i bhfeidhm iad, más féidir. Mura n-éirítear leo ansin, dúntar an cás;

- Mura n-éiríonn leis na gnásanna inmheánacha, cuirtear an cás ar aghaidh chuig an gCoimisiún Um Caidrimh Oibreachais. Ba chóir taifead aontaithe des na gnásanna inmheánacha go léir (idirghabháil agus fiosrú), a chur ar fáil don Choimisiún Um Caidrimh Oibreachais ag am a tharchuir;

- Más í tuairim an Choimisiúin Um Caidrimh Oibreachais go mba chóir breis iarrachtaí a dhéanamh ar an aighneas a réiteach ag leibheál áitiúil, ansin cuirfidh an Coimisiún Um Caidrimh Oibreachais an cás ar ais chuig leibhéal áitiúil le plé breise a dhéanamh air. Mura dtarlaíonn é seo, cinnfidh an Coimisiún ar mhodh oibre atá oiriúnach a thógfaidh san áireamh an idirghabháil, ó oifigeach an Choimisiúin Um Caidrimh Oibreachais, nó fiosrú agus moladh ó Choimisinéir Um Cearta.

- Má leanann an cás ar aghaidh go hidirghabháil ón gCoimisiún Um Caidrimh Oibreachais, déanfaidh an t-idirghabhálaí iarracht comhréiteach a shroichint idir na páirtithe le súil go n-athbhunófar comcheol san ionad oibre;

- Mura n-éiríonn le hidirghabháil ón gCoimisiún um Caidrimh Oibreachais, ansin cuirfidh an Coimisiún Um Caidrimh Oibreachais an cás ar aghaidh chuig Coimisinéara Um Cearta le haghaidh fiosrú agus moladh;

- Déanfaidh an Coimisinéar Um Cearta fiosrú ar an gcás agus cuirfidh sé moltaí ar fáil;

- Má ghlacann na páirithe go léir leis na moltaí, cuirfear ar ais chuig an fostóir le bheith curtha i bhfeidhm san ionad oibre iad;

- Mura nglacann páirtí nó an dá pháirtí leis na moltaí, cuirtear an cás chuig an Binse Achomhairc Fostaíochta/Cúirt Oibreachais le haghaidh cinnidh.

***Tá reachtaíocht nua ag teastáil leis an samhail seo a chur i bhfeidhm***

Is í tuairim an ionadaí ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ná gur cóir don achomharc deireannach a chur chuig an Binse Achomhairc Fostaíochta agus gur cóir go mbeadh a chinneadh siúd críochnúil agus infheidhmitheach.

**Gnéithe den tSamhail**

- Féadfaidh Idirghabhálaí an Choimisiúin Um Caidrimh Oibreachais nó Coimisinéir Um Cearta cás a chur ar ais chuig na gnásanna inmheánacha mura gcloíodh leis na gnásanna seo i gceart, de réir a t(h)uairime;

- Déanfar athbhreithniú ar bhearta na bpáirtithe go léir i rith na hidirghabhála inmheánaigh tar éis tréimhse oiriúnach ama chun a chinntiú ar éirigh leo. Murar éirigh leo, is féidir an cás a aththosnú ag an gcéad chéim eile den phróiseas.

- Is í atá mar phríomhaidhm ag céim idirghabhála an phróisis inmheánaigh ná comhaontú a shroichint idir na páirtithe go léir. Níor chóir úsáid a bhaint as an gcéim seo leis an eachtra a bhrú faoi chois. Cé go bhfuil na céimeanna seo gan a bheith naimhdeach agus neamhfhoirmeálta, níl siad fánach. Ba chóir do dhaoine oilte iad a riaradh;

- Nuair a fhaigheann fiosrú inmheánach torthaí nach n-aontaíonn ceann nó eile des na páirtithe leo, ansin tiocfaidh gnás achomhairc ag leibhéal an chomhlachta (mar atá sainmhínithe i ngnásanna frith-bhulaíochta an chomhlachta), i bhfeidhm;

- Ba chóir an dul chun cinn ón gcéim inmheánach go dtí an chéim sheachtrach a bheith smachtaithe go maith ionas go gcuirfear stop le líomhaintí nach bhfuil aon bhunús leo ag leanúint ar aghaidh chuig an Coimisiún Um Caidrimh Oibreachais agus mar thoradh, ag ídiú méid ollmhór d'acmhainní fostóirí agus an Choimisiúin Um Caidrimh Oibreachais.

- Má leanann cás ar aghaidh chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta nó chuig an Chúirt Oibreachais, ansin, caithfidh na cinnidh a bheith críochnúil agus reachtach. Dá bhrí seo, moltar go gcuirtear i bhfeidhm cinnidh na n-eagraíochtaí seo tríd an Chúirt Chuarda. Ní chuireann seo bac ar pháirtí in aon chás imeachtaí dlíthiúla athbhreithnithe a thionscnamh san ArdChúirt.

**Beartais Choiscteacha**

***Tá beartais ghníomhacha ag teastáil san ionad oibre le cosc a chur le bulaíocht***

Moltar go leathanófar beartais choiscteacha an ionad oibre le coiscteacht shíochánach agus ghníomhach a thógáil san áireamh. Sa chomhthéacs seo, ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é atá i gceist againn le coiscteacht ná coiscteacht na bulaíochta agus idirghabháil luath le modhanna iompraíochta a d'fhéadfadh an bhulaíocht a bheith mar thoradh acu. Tógann coiscteacht shíochanach san áireamh leithéidí modhanna oideachasúil, traenáil, aitheantas poiblí agus doiciméadú. Tógann coiscteacht ghníomhach san áireamh idirghabháil luath ón mbainistíocht, ról an Ráitis Shábháilteachta agus sláinte le freagairtí comhlachta a dheimhniú agus a chódú ar bhulaíocht agus ar ról struchtúr sa chomhlacht.

**Traenáil agus Oideachas**

Creidimid go bhfuil ról fíorthábhachtach ag an oideachas agus ag an dtraenáil i ndíbirt nó laghdú mór ar bhulaíocht san ionad oibre. Is faoin mbainistíocht, ceardchumainn, agus eagraíochtaí proifisiúnta agus eagraíochtaí eile ionadaíocha a leithéid de thraenáil a sholáthar san ionad oibre chomh maith le mar chuid de thraenáil ghinearálta ghairmiúil agus profisiúnta. Ba chóir do thraenáil na bainistíochta aitheantas ar an bhfadhb a thógáil san áireamh chomh maith le traenáil sna chóid chleachtais agus sa chur chuige molta i ndeileáil le líomhaintí de bhulaíocht san ionad oibre.

**Aitheantas**

***Ba chóir do cheardchumainn a bpáirt a imirt in aitheantas a chothú i measc a mball***

Tá na páirtithe go léir freagrach as aitheantas ar an bhfadhb a chothú san ionad oibre agus ar an rud nach féidir glacadh léi. Moltar go mbeadh an phríomhfhreagracht ag na gníomhaireachtaí is cuí a chomhordú agus aitheantas poiblí na faidhbe agus na leigheas nua atá ar fáil a chothú.

Beidh an phríomhfhreagracht ag an Údarás Sábháilteachta agus Sláinte aitheantas ar fhadhb na bulaíochta a chruthú mar bhaol san ionad oibre agus ar fhreagrachtaí an fhostóra maidir leis an Ráiteas Sábhailteachta.

Tá an bhainistíocht freagrach as aitheantas ar an bhfadhb agus ar na gnásanna le haghaidh gearáin a thabhairt chun solais agus a láimhseáil ina n-ionaid oibre féin. Ta ceardchumainn agus comhairlí eile ionadaíocha freagrach as aitheantas a chothú i measc a mball.

**Beartais Leasúcháin**

Gné leanúnach dár n-athbhreithniú ar na laigí atá sa staid reatha is ea an chríochnúlacht. Creideann an Grúpa nach sroichtear críochnúlacht riamh i gcás a lán d'íospairtí líomhanta na bulaíochta san ionad oibre. Is é seo ceann des na teicnící scaipthe a bhaineann le hábhar agus ar bhealach is frithchaitheamh é ar na scálaí ama a bhaineann le riaradh cásanna bulaíochta faoi ghnásanna reatha.

- ♦ Molaimid go dtugtar aghaidh ar an bhfadhb ar an mbealach a leanas:
- ♦ Ag díriú ar bheartais réitigh luatha le teacht ar chur chuige inmheánach leis an bhfadhb a réiteach;
- ♦ Ag cinntiú go mbeidh cinnidh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta /na Cúirte Oibreachais infheidhmitheach agus reachtach;
- ♦ Ag cur béime ar thráthúlacht ag gach céim den phróiseas.
- ♦ Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuirtear taca faoi na moltaí seo mar leanas:
- ♦ A fhaide is a théann na páirtithe isteach sa phróiseas, is ea is naimhdí a éiríonn sé. Is í taithí na gcleachtóirí ar an ábhar ná gur ar éigean go n-athbhunaíonn próiseas naimhdeach comhcheol san ionad oibre, cé gur féidir go n-éiríonn leis an milleán a ghearradh ar dhuine. Go minic, cruthaíonn polarú an dá thaobh i bpróiseas mar sin, ionad oibre atá níos scoilte fós, agus éiríonn sé níos deacra d'íospartach líomhanta filleadh ar ghnáthobair;

Is fearrde má chuirtear i bhfeidhm cur chuige ar réiteach na faidhbe atá cruthaitheach agus tionscnamahach sna céimeanna tosaigh den phróiseas mar a fhaide is a théann duine isteach isa phróiseas, is ea is deacra a éiríonn sé cur chuige den tsórt sin a chur i  bhfeidhm ar an bhfadhb; agus
Níl tréimhsí ama cinnte leagtha amach ag an tuarascáil seo le haghaidh gach céim den phróiseas. Is é is cúis leis seo ná go bhfuiltear tar éis a dheimhniú go mbíonn íospairtí líomhanta go minic chomh coscartha nach féidir leo páirt a thógáil sa phróiseas ó thaobh an leighis de. Is féidir go n-oibreoidh scálaí ama saorthoilteanacha dá bhrí sin, i gcoinne mhaitheas an íospartaigh líomhanta. Tá sé riachtanach, áfach, go gcuirfear i bhfeidhm an próiseas ar bhealach tráthúil agus éifeachtach.

**Cur I bhfeidhm**

Aithnítear inár moltaí go mbraitheann toradh tairbheach cur i bhfeidhm na mbeartas molta go mór ar a úsáideach is a bheidh siad sa rannóg fiontar Beag agus measartha. Tá sé molta freisin, chomh maith, go gcuirfeadh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta áiseanna tacaíochta mar ábhar feachtais polasaithe agus cláir ghabhála agus doiciméidí gnásanna agus treoracha.

**Moladh Breise**

Moltar go gcuirfear ar bun suirbhé a chuirfeadh leis an gceann a údaraíodh le haghaidh Tuarascála 2001, chomh luath agus atá réasúnta, le bunús óna dtomhaisfí éifeacht na struchtúr agus na bpróiseas nua.

## Éifeacht na moltaí

### Modh Oibre

Is é an t-éifeacht a bheidh ag modh oibre na moltaí ná:

- Soiléireacht maidir leis na gnásanna a thoghfaidh fostóirí nuair atá siad ag tabhairt aghaidh ar líomhaintí bulaíochta;
- Soiléireacht maidir leis na gnásanna a thoghfaidh iad siúd atá ag déanamh líomhaintí bulaíochta;
- Soiléireacht maidir le freagrachtaí modhanna oibre na ngníomhaireachtaí Stáit éagsúil; agus
- Aonfhoirmeacht na ngnásanna le haghaidh gach catagóir d'fhostaí i ngach gairm bíodh sé sa rannóg phoiblí nó sa rannóg phríobháideach.

### Éifeacht Eagraíochta

***Ba chóir acmhainní cuí a chur ar fáil don Choimisiún um Caidrimh Oibreachais***

Beidh éifeacht na moltaí seo tábhachtach. Beidh acmhainní breise ón gCoimisiún um Caidrimh Oibreachais agus teastóidh struchtúir eagraíochta athbhreithnithe leis na seirbhísí thuas a chur ar fáil. Cé gur fhág an grúpa mionsonraí na n-athraithe seo faoin gCoimisiún um Caidrimh Oibreachais, tá sé ríthábhachtach go soláthrófar na hacmhainní is cuí.

Tá sé ríthábhachtach freisin, go scarfar amach na hacmhainní agus go riarfar iad lena chinntiú nach dtarlóidh aon choimhlint eatarthu. Ba chóir go bhfeictear go mbeidh na daoine a mbeidh baint acu le hidirghabháil, le fiosrú agus breithiúnas cothrom agus gan claonadh chun go néireoidh leis na moltaí seo.

Creidtear go mbeidh na sochair a leanas ag infheidhmiú na n-athraithe reachtúla is cuí maraon leis na hathraithe reachtúla:

- Grinnis an phróisis réitigh le haghaidh íospartach;
- Trédhearcacht ar an bpróiseas;
- Tráthúlacht;
- Líon níos airde cásanna réitithe gan a gcur ar aghaidh ar phróisis naimhdiúla;
- Leibhéil níos airde de chríochnúlacht luath;
- Níos lú coscrachta le haghaidh íospartach;
- Sonraí soiléire agus inghníomhaithe ar an dtreo agus ar na patrúin i mbulaíocht san ionad oibre.

### Reachtúil

***Tá reachtaíocht nua ag teastáil***

Creideann an Grúpa go bhfuil gá le reachtaíocht nua chun éifeacht a thabhairt do chur i bhfeidhm a mholtaí:

## Strus San Ionad Oibre

An pháirt a n-imríonn an bhulaíocht i strus san ionad oibre

***Tá gaol ag an mbulaíocht le héifeacht dhiúltach ar shláinte***

Pléimid, sa chaibidil seo, leis an bpáirt a n-imríonn an bhulaíocht i dtarlúint an struis san ionad oibre maidir lenár dtéarmaí tagartha.

Tá méid ollmhór fianaise a thaispeánann go háititheach go bhfuil ceangailt idir strus agus torthaí drochshlánte. Fanann na cúiseanna doshonraithe. Is deacair factóir oibre ar leith a ionnanú le héifeacht shláintiúil ar leith.

Tá difríochtaí indibhidiúlacha in aireachtáil foinsí difriúla struis chomh maith le difríochtaí i gcumas an lámh in uachtar a fháil ar chúiseanna struis bíodh siad bainteach le bulaíocht nó le tascanna nó le haon cheann des na foinsí eile struis a eascraíonn ó obair nó ó aon áit eile.

Is ábhar casta é an strus a bhfuil cúinsí neamh-líneacha i gceist ionas nach mbeidh réiteach le haghaidh eachtra amháin strusmhar inghinearálaithe le heachtra eile  nó le daonraí eile. Maraon leis sin, má oibríonn rud amháin le suíomh áirithe a réiteach, is féidir nach n-oibreoidh sé ag am difriúil mar ní féidir factóirí uile a smachtú ó pheirspictíocht dhaonna.

Tá an bhulaíocht tar éis bheith comhcheangailte le drochéifeachtaí sláinte i gcuid mhaith staidéar agus cé go bhfuil éagsúlacht foinsí  eile de strus san ionad oibre fréamhaithe i gcumarsáid chodarsnach dhaonna, is í an bhulaíocht an t-aon fhoinse lena bpléann an chaibidil seo. Ba chóir a chuimhneamh, áfach, go bhfuil a lán foinsí eile de strus a eascraíonn ón obair agus lasmuigh den obair agus tá éifeachtaí imoibrithe idir na foinsí seo.

I gcomhthéacs teoiric an struis, is foirm ghéar thubaisteach den strus sóisialta san ionad oibre í an bhulaíocht. I gcomhthéacs teoiric na coimhlinte, cruthaíonn an bhulaíocht leibhéal  ard de mhéadú ar mhothú neamhréitithe agus go minic míchothromaíocht cumhachta/ cailliúint cumhachta.

Molaimid go dtacaíonn an t-ábhar le cur chuige arbh í an aidhm atá aige ná beartais  eagraíochta a bhogadh chuig beartais níos inmhianaithe – iad siúd atá leagtha amach sa tuarascáil seo – a laghdóidh an strus agus, dá bharr sin, na drochéifeachtaí sláinte ar indibhidiúlaigh a d'fhulaing an bhulaíocht chomh maith le ón dtaithí gur cuireadh ina leith go raibh siad páirteach in iompraíocht bhulaíoch.

Tá a lán tuarascálacha agus staidéir déanta ar an ábhar, cuid díobh a  úsáideadh le déanaí ag an bhFeidhmeannach Sábháilteachta agus Sláinte sa Bhreatain le haghaidh a chaighdeáin bhainistíochta gur foilsíodh  le déanaí é (HSE 2004). Tógadh isteach na caighdeáin seo ina 'Stress Tool' don ionad oibre,' Work positive, i gcomhpháirt leis an HSE in Éirinn. (HAS/HSE 2005).

Tuairscíonn a lán  staidéar a fhéachann ar éifeachtaí intinne sláinte agus iompraíocht struis daoine a d'fhulaing an bhulaíocht go n-éiríonn íospartaigh naimhdeach i gcoinne a dtimpeallachta, agus amhrasach agus neirbhíseach i gcoinne daoine eile, go gcuireann siad síos arís agus arís eile ar a gcinniúint, agus go mbíonn siad ró-íogaireach maidir le cothroime go ginearálta agus go speicificiúil, chomh maith le héagumas ainsealach an t-áthas a mhothú, agus baol drochúsáide, coimhthiú, agus sa chás is measa, féinmharfach.

Fuair staidéar Éireannach (O'Moore, Seigne, McGuire & Smith, 1998) amach gur thaispeáin íospartaigh comharthaí mar an cantal, smaointe feargacha, gol, an lionndubh agus mothúcháin pharanáiacha. Fuarthas go dtaispeánann daoine a d'fhulaing an bhulaíocht tuairimí diúltacha díobh féin, i ndiaidh na hócáide , de dhaoine eile agus den domhan. Tá éifeachtaí atá bainteach le strus de bharr bulaíochta feasach chomh maith le mothálach sa mhéid go bhfuil éifeachtaí ar an duine maidir le conas a mhothaíonn siad, conas a smaoiníonn siad, agus, dá bhrí sin, conas a  oibríonn siad. Dhearbhaigh an suirbhé náisiúnta a rinne an t-Ionad Frithbhulaíochta na torthaí seo. (O'Moore 2000).

Agus machnamh á dhéanamh ar an strus a ghineann an bhulaíocht, táimid ag plé lena lán cúiseanna éagsúla. Le haghaidh na Tuarascála seo, glactar leis gur baol í an bhulaíocht gur féidir léi bheith ina chúis struis. Glactar leis nach galar ann féin é an strus agus gur féidir deileáil leis ag leibhéal an duine agus ag leibhéal eagraíoch le cosc a chur lena theacht ina ghalar. Glactar leis freisin, mura dtugtar é i lámha gur féidir le leibhéil de strus a mhéadú agus go mbeidh mar thoradh orthu an galar, bíodh sé fisiciúil, siceolaíoch, nó siciatrach nó amalgam den trí rud.

Bíonn éifeachtaí aige seo ar eagraíochtaí, ar an Stát agus ar an gcóras sláinte go naisiúnach.

Tá gnásanna trédhearcacha gur féidir cur i bhfeidhm nuair a líomhtar bulaíocht, a chuireann deireadh le haon astitim agus tá beartais íocshláinteacha gur féidir leis an eagraíocht agus leis an duine/daoine a thionscnamh gur féidir cabhrú leis an bpróiseas athshlánaithe leis an aidhm dheiridh drochéifeachtaí sláinte na bulaíochta a laghdú nó a stopadh.

**Moltaí**

***Ba chóir go mbeadh gnás frithbhulaíochta i ngach ionad oibre atá mínithe go maith agus go bhfuil fáil éasca air***

Mar a leagadh amach sna caibidlí a d'imigh roimhe seo, molaimid go mbeidh beartais frithbhulaíochta éigeantacha i ngach eagraíocht ionas go dtabharfar aghaidh ar chosc agus laghdú. Ba chóir don chur chuige seo páirt a imirt ar an bhfadhb a thabhairt chun solais chomh maith lena chur in iúl do gach duine go bhfuil gnásanna i bhfeidhm dá dtarlódh bulaíocht, agus ba chóir dó bheith ina huirlis choisctheach chomh maith le bheith ina huirlis fheidhmeach.

Tá a lán taighde déanta maidir le tacaíocht shóisialta taobh istigh d'eagraíochtaí agus freisin maidir le patrúin cóipeála agus ar na roghanna atá ag daoine agus ar conas a mbíonn tionchar ag cultúr na heagraíochta agus measúnú an duine maidir le cothroime agus trédhearcacht don duine.

Dá bhrí seo, ba chóir traenáil bainisteoirí agus riarthóirí i dtéarmaí stíl cumarsáide leordhóthainigh, aischothú éifeachtach , ceartú agus ceannasaíocht spreagúil a bheith mar phríomhaidhm. Ba chóir tús áite a thabhairt do thraenáil i ndeileáil le ceisteanna bulaíochta.
Ba chóir d'inniúchóirí inmheánacha a bheith i gcónaí gan claonadh agus gan aon bhaint a bheith acu le ceachtar den dá pháirtí agus ba chóir dóibh cur chuige atá leagtha síos a leanúint atá taobh istigh den bheartas frithbhulaíochta agus a bheith de réir na gcód cleachtais atá ann cheana ar an ábhar.

Má tharlaíonn nach bhfuil na daoine ábalta seo ar fáil san eagraíocht, ba chóir do cheannasaíocht na heagraíochta dul i gcomhairle le seirbhísí na saineolaithe ó lasmuigh agus iad a fhostú más gá.
Déantar an moladh seo le haghaidh a thabhairt ar an strus ábhalmhór a bhíonn ar na daoine atá i gceist nuair nach ndéantar frithghníomhú ar bhealach tráthúil. Tarlaíonn cuid shubstaintiúil den strus a thrlaíonn de bharr bulaíochta toisc go mbíonn frithghníomhú fadálach fada gnásanna ann nó toisc nach dtarlaíonn aon fhrithghníomhú, ag leibhéal na heagraíochta.

***Tá idirghabháil thráthúil riachtanach***

Is factóir ríthábhachtach í an tráthúlacht le haghaidh drochéifeachtaí sláinte mar laghdaíonn ar chumas scileanna cóipeála an duine thar tréimhse tar éis taithí na bulaíochta. Nuair atá tréimhse mhaith ama imithe thart, bíonn leibhéil struis an duine chomh hard agus a scileanna cóipeála chomh híseal, go bhfuil fianaise na ndrochéifeachtaí sláinte soiléir agus bíonn sé níos deacra iad a réiteach ag an bpointe sin, ainneoin aon bheartais. Tá sé i gceist ag ár moltaí aghaidh a thabhairt ar an bhfactóir struis seo maidir le hidirghabháil atá tráthúil agus éifeachtach.

**Samhail de Mhodh Oibre**

Tá an tsamhail seo bunaithe ar na trí eilimintí de chosc, idirghabháil agus réiteach. Tá sé roinnte i dhá chuid –

(1) ag leibhéal an ionaid oibre agus

(2) ag leibhéal an bhreithiúnais.

Samhail de Mhodh Oibre le haghaidh Idirghabháil

Líomhain déanta

Cuir gnásanna inmheanacha i bhfeidhm

Tabhairt faoi idirghabháil inmheánach

Réiteach? - Sea – Tabhairt faoi bheartais leasúcháin – Ar éirigh leo? – Sea - Cás réitithe

(e) Tabhairt faoi fhiosrú inmheanach

Cinnidh? Tabhairt faoi bheartais Ar éirigh leo? – Sea

(f) Rogha

Fiosrú Choimisineara Um Cearta

Réiteach Aighnis Dhifriúil

Réiteach aighnis difriúil

Tabhairt faoi Réiteach Aighnis Difriúil - Tabhairt faoi Fhiosrú Foirmeálta
Cur I bhfeidhm Aontaithe - Torthaí agus Moltaí - Ar glacadh leo?

Cinneadh Críochnúil agus infheidhmitheach

Achomharc faoi bhráid na Cúirte Oibreachais/an Bhinse Achomhairc Fostaíochta